



Polasaí i leith Frith-bhulaíocht

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí seo go gcinnteofar go ndéanfar chuile iarracht spiorad a chothú i gColáiste na bPiarsach a dhiúltaíonn do bhulaíocht go hiomlán, agus chun a chinntiú go ndéanfar déileáil go gníomhach agus le héifeacht le gach eachtra bhulaíocht ar mhaithe le dul chun cinn iomlán an scoláire ar scoil. Ní mór meas a bheith againn orainn féin agus dá chéile. Ba chóir go mothódh an Scoilphobal ar fad slán, sábhailte agus sásta i gColáiste na bPiarsach.

I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an polasaí frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Coláiste na bPiarsach, Ros muc mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an polasaí go huile agus go hiomlán do riachtanais Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac:

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
 - ina nglactar go fonnmar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
 - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige

- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
 - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
 - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thairfeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

Sainmhíniú ar bhulaíocht:

- Séard is bulaíocht ann ná ionsaí **leanúnach** ó bhéal, scríofa, síceolaíoch nó fisiciúil ar dhuine aonair nó ar ghrúpa.
- Mí-úsáid cumhachta is ea bulaíocht.
- Gortaíonn bulaíocht mothúcháin agus féin-mheas an duine agus déanann sé an-chuid damáiste.

Cineálacha Éagsúla Tromaíochta:

- **Ó Bhéal:** Ainmneacha a ghlaoh ar dhuine/dhaoine ag déanamh ceap magadh díobh i dtaobh tréithe fisiciúla, tréithe pearsanta, aicme shóisialta, cine, claonadh gnéasach, cúrsaí acadúla. A bheith searbhasach.
- **Fisiciúil:** Buile a thabhairt le cic nó le dorn.
Gualainn a thabhairt
Teangmháil fhisiciúil mí-oiriúnach.
Ag cur isteach ar spás phearsanta duine eile go rialta.
Brú duine suas in aghaidh balla nó isteach i sceach.
- **Gotháil:** Comharthaí maslacha a dhéanamh,
- **Leithlisiú:** Gan ligint do dhuine/dhaoine páirt a ghlacadh i gcómhrá nó in imeachtaí eile agus dá bhrí sin iad a scarúint óna gcairde,

- **Faitíos:** Éileamh airgid agus rudaí eile,
- **Gadaíocht agus Milleadh maoin phearsanta an scoláire.**
- **Bulaíocht idirlíon agus fón:** Suíomh idirlín, ríomh-phost, nó fón póca a úsáid chun duine/daoine a scanrú, a mhaslú, nó clú-mhilleadh a dhéanamh trí ráflaí bréagach a scaipeadh.
- **Siceolaíoch:** An Bhreathnaigh
- **Bulaíocht bunaithe ar aitheantas,** ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallaíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.
- **Is treoir é an liosta seo agus d'fheadfaí cur leis.**

Ní bhíonn bulaíocht i gceist nuair is eachtra **amháin** idir bheirt í, agus ní chóir í a ainmniú mar bhulaíocht. Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú luaite thuas ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an polasaí seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Comharthaí Bulaíocht:

- Eagla ar scoláire/scoláirí roimh dhul ar scoil.
- Mí-shuaimhneas faoin turas chuig na scoile, nó an turas abhaile,
- Obair/torthaí scoile ag dul in olcas,
- Fadhbanna sláinte,
- Athrú meoin nó iompar gan chúis,
- Damáiste déanta do mhaoin phearsanta scoláirí eile.

- Goid airgid nó breis airgid á éileamh.
- Marcanna ar an gcroiceann, nó éadaí stróicthe gan chúis.

Ní chiallaíonn na comharthaí sin go bhfuil bulaíocht ar siúl, ach má tá siad leanúnach ba chóir scrúdú a dhéanamh air.

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi:

Patricia Uí Fhlaithearta

Seo a leanas na **straitéisí oideachais agus coiscthe** a bheidh in úsáid i nGairmscoil na bPiarsach:

- Sineoidh scoláirí nua ag tús an scoilbhliain cóid ag glacadh leis an bpolasaí frith-bhulaíocht.
- Cuirfear cóip de pholasaí ar fáil do thuismitheoirí na scoile agus comhaontú le siniú ag glacadh leis mar pholasaí scoile.
- Déanfar na príomh-phointí a léiriú ar phóstaeir ar fud na scoile.
- Beidh an polasaí ar fáil do na scoláirí, foireann na scoile agus thuismitheoirí agus déanfar plé air sa rang ag tús chuile scoil bhliain.
- Déanfar na príomh-phointí a phlé go rialta ag cruinnithe múinteoirí bliana, comhairle na scoláirí, coiste na dtuismitheoirí agus fó-choiste bainistíochta na scoile.
- Múinfear ceachtanna ar frith-bhulaíocht mar mhór-chuid den chlár O.S.P.S. Go minic, bíonn bulaíocht mar thoradh ar easpa féin-mhunín. Beidh cheithre chuid leis an teachtaireacht seo sa rang:
 1. Tá meas agam orm féin.
 2. Tá meas agam ar dhaoine eile.
 3. Táim ag súil le omás ó dhaoine eile.
 4. Ní ghlacfaidh mé le dímheas.
- Eagrófar seachtain frith-bhulaíocht bunaithe ar an gclár "Cool Schools Programme" don chéad bhliain.

- Páirt a ghlacadh i gclár Seas an fód, seachtain fheasachta in aghaidh bulaíocht atá homafóbach nó trasfóbach.
- Crochfar póstaer LGBT a bheith ar chlár fógraí agus ráitis ina gcuirfí fáilte roimh dhaoine LGBT.
- *Múinfeadh an acmhainn Oideachas Sóisialta, Pearsanta, Oideachais (OSPS), Ag Fás mar Dhuine LGBT.*
- Eagrófar lá frith cibéar-bhulaíocht ar scoil chun aird an scoilphobal a dhíriú air. Tabharfar ó am go chéile aoi-chainteoirí isteach sa scoil chun labhairt le na scoláirí agus foireann na scoile faoi cibéarbhulaíocht.
- Maidir le scoláirí le riachtanais speisialta, tabharfar tús áite do na níthe seo a leanas:
 1. díriú ar scileanna sóisialta a shealbhú.
 2. aird a dhíriú ar phríomhócáidí mar an t-athrú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil
 3. dea-chultúr scoile a chothú ina léirítear meas ar chách agus ina dtugtar lámh chúnta don uile dhuine.
- Cuirfeadh an polasaí suas ar suíomh idirlíon na scoile.
- Beidh bosca rúnda sa scoil chun deis do scoláirí a tuairimí a chur ann.
- Dian-fheitheoireacht ar scoláirí le linn na scoile agus ar thurais scoile.

An Córas Tuarascála:

- Iarrtar ar ghach scoláire, tuismitheoir agus ball de fhoireann na céimeanna simplí seo a leanúint:
 1. Má tá bulaíocht a dhéanamh ort, labhair le tuismitheoir/caomhnóir, cairde, múinteoir.
nó
 2. Scríobh nóta ag cur síos go mion ar ghach a tharla agus cuir sa bhosca rúnda é.
 3. Beidh foirm chaighdeánach ar fáil do mhúinteoirí ábhartha chun tuairisc a scríobh i dtaobh an eachtra bulaíochta.

4. Déanfaidh an múinteoir ábhartha an scéal a scrudú go discréideach. Coinneofar nótaí de eachtraí i bhfilltán i oifig an Phríomhoide.
 5. Cuirfear tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas a luaithe agus is féidir.
 6. Cuirfear i iúl don scoláire páirteach san eachtra bulaíochta gur briseadh tromchúiseach de chód iompar na scoile é agus nach bhfuilear chun a ghlacadh leis an iompar seo.
 7. Tar-éis an scéal a scrudú go hiomlán, déanfaidh an múinteoir ábhartha moladh oiriúnach maidir le réiteach na faidhbe. Beidh cabhair agus comhairle curtha ar fáil do chuile dhuine páirteach san eachtra. Coinneofar Bainistíochta na scoile ar an eolas faoi chuile eachtra bulaíochta.
 8. Déanfar athbhreithniú rialta ar dul chun na bpáirtíthe eagsúla chun a chinntiú go bhfuil réiteach shasúil ar an gcás.
 9. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé go mba ghá do scoil cúnamh a lorg ó dhaoine nó ó ghníomhaireachtaí foirmiúla eile sa cheantar, ar nós NEPS, FSS, oibrithe sóisialta, oibrithe pobail, comhaltaí den Gharda Síochána etc.
 10. Déantar tagairt, sna *Gnásanna um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna* go gcaithfidh an Teagmhálaí Ainmnithe comhairle a lorg ó Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS i gcás ina bhfuil údar imní ag pearsanra scoile mar gheall ar pháiste ach nach bhfuil siad cinnte ar cheart an cás a thuairisciú d'FSS.
- Más ball den fhoireann atá i gceist, déanfaidh an Príomhoide an cás a iniúchadh de réir na gcórais atá socraithe ag Aontas múinteoirí Éireann agus ag an mBord Oideachais agus Oiliúna.
 - Más é/í an Príomhoide atá i gceist, déanfaidh an Bord Bainistíochta/Príomhoifigeach an cás a scrudú de réir na gcórais atá socraithe ag an Aontas múinteoirí Éireann agus ag an mBord Oideachas agus Oiliúna.

Módhanna Fiosrúcháin:

- Leanfaidh foireann na scoile na treoirlínte (ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta) maidir leis an tslí is fearr chun déileáil le cúrsaí bulaíochta.
- Ba chóir don múinteoir ábhartha ag déanamh fiosrúcháin:
 - Éisteacht go ciúin leis an dá thaobh den scéal, lasmuigh den seomra ranga más féidir é,
 - Labhairt leis na scoláirí ina n-aonar, féachaint ar ghach taobh den eachtra, agus chuile dhuine a chur san áireamh.
 - Nótaí a dhéanamh ar ghach gné den eachtra m. sh. Cathain a tharla sé? Cé bhí i láthair? Cad a tharla? Cén fáth?
 - Iarraidh ar na scoláirí cuntas a scríobh faoin eachtra.
 - Agallamh aonair a chur ar ghach scoláire má tá grúpa gceist.

Déileáil le hEachtra bulaíocht:

Má tá sé soiléir go raibh bulaíocht ar siúl ní mhór:

- A rá leis an scoláire/na scoláirí gur sháraigh sé/sí/siad córas frith-bhulaíocht na scoile.
- Pionós a ghearradh atá ag teacht le Cód Iompar na scoile.
- Má leantar leis an mbulaíocht na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi agus deis a thabhairt dóibh an scéal a phlé agus tacaíocht a thabhairt,
- Má leantar le bulaíocht tromchúiseach pléifidh an Príomhoide agus Leas Phríomhoide é, i gcomhairle leis an múinteoir ábhartha agus na tuismitheoirí, agus ina dhiaidh sin leis an mBord Bainistíochta.

Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu:)

- Coinneoidh an múinteoir ábhartha i dteagmháil leis an scoláire chun a chinntiú go bhfuil stop curtha leis an mbulaíocht.
- Coinneoidh an múinteoir ábhartha i dteagmháil leis an bulaí chun a chinntiú go bhfuil stop curtha aige/aici leis na mbulaíocht agus chun clár tacaíocht a chur ar fáil dhó/di mas gá.
- Coinneoidh an Príomhoide/leas príomhoide i dteagmháil le tuismitheoirí an scoláire chun a chinntiú go bhfuil an scoláire sásta ar scoil.
- Cuirfear nuair is gá clár tacaíocht ar fáil don scoláire chun a chuid féinmhuiníne a mheadú agus a chuid/cuid scileanna soisialta a fhorbairt sa chaoi go ndéanfar athléimneacht a fhorbairt sa scoláire.

Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

San áireamh sna gnásanna tá socruithe maoirseachta a cheanglaíonn ar an bPríomhoide tuairisciú don Bhord Bhainistíochta uair sa téarma, ar a laghad, agus an t-eolas seo a leanas a sholáthar:


- líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh leis an bPríomhoide nó leis Leas-Phríomhoide ón uair dheireanach a tuairiscíodh don Bhord agus
- deimhniú gur déileáladh le gach cás díobh sin, nó go bhfuiltear ag déileáil leo, de réir bheartas frithbhulaíochta na scoile agus na ngnásanna seo.


An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

- Tá an polasaí seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh idirlíon na scoile agus do Choiste na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

- Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an polasaí agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh polasaí frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh idirlíon na scoile, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltáí ar iarratas) agus do Choiste na dTuismitheoirí.
- Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.
- Ghlac an Bord Bainistíochta an polasaí seo ar an 6/4/2022.

Síniú: 
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Síniú: 
(Príomhoide)

Dáta: 6/4/22

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: 6/4/2023